

## **Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta Covid 19 dos na scoláirí**

### **1. Réamhrá**

De réir an Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa san Ionad Oibre (2005) tá dualgas ar Bhord Bainistíochta Cholaiste Íde a chinntiú, chomh mór agus is féidir, an sábháilteacht, sláinte agus leasa gach fostóir san ait oibre. Tá sé de cheart ag gach scoláire, tuismitheoir/caomhnóir, múinteoir agus ball foirne a bheith sábháilte ina scoil.

Spreagtar freagracht, meas, dea-bhéasa agus éachtaí oideachais inár scoil, i suíomh foghlamtha atá sábháilte, cuiditheach agus éifeachtach, áit a bhfuil folláine chách ina priarach. Chun na caighdeáin sin a choimeád, tá súil ag an scoil leis an méid seo ó gach uile scoláire:

### **2. Beifear ag súil leis na nithe seo ó gach scoláire le linn Covid 19**

- Na comharthaí Covid -19 a bheith ar eolas agat
  - Fiabhras
  - Casacht
  - Gearranáil nó deacrachtaí anála
  - Cailliúint bolaidh, blaiste nó saobhadh blaiste
  - Is féidir a thuilleadh eolais a fhail ar <https://2.hse.ie/coronavirus/>.
- Leanfaidh scoláirí treoracha an rialtais agus déanfaidh siad iad a chleachtadh, treoracha a bheidh i bhfeidhm ag an scoil an t-am ar fad, ar mhaithe le stop a chur le scaipeadh COVID-19 agus scaradh fisiciúil 1M
- Tá dualgas ar na scoláirí na clúdaigh aghaidh a chaitheamh i gceart
- Tá dualgas ar scoláirí clúdach aghaidh a chaitheamh taobh istigh i gcónaí agus go hairithe iad ag siúl timpeall Seomra an Bhia agus fanacht scartha óna chéile ag na boird mar atá leagtha amach sa phlean boird
- Ní cheart go mbeadh scoláirí ag roinnt aon rud riamh
- Ná tugadh Tuismitheoirí/Caomhnóirí a leanaí ar scoil má tá comharthaí sóirt a bhaineann le ionfhabhtú riospráide víreasach orthu nó má tá éinne sa líon tí a bhfuil amhras ann go bhfuil COVID-19 acu, nó a bhfuil COVID-19 acu.
- Ní cheart do scoláirí teacht ar scoil agus iad ag fanacht ar thástáil Covid 19 nó ag fanacht ar thorthaí
- Ní cheart do scoláirí teacht ar scoil tar éis tástáil deimhneach a fháil nó tar éis dóibh a bheith ag teagmháil le duine a bhí Covid 19 deimhneach
- Bíodh a fhios ag scoláirí má thagann comharthaí sóirt orthu le linn dóibh a bheith ar scoil, go gceart dóibh sin a chur in iúl don bPríomhoide ar an bpointe.
- Beidh meas ag scoláirí ar mhúinteoirí agus scoláirí eile agus baill uile phobal na scoile ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht.
- Cloífidh agus leanfaidh scoláirí leis na treoirlínte atá leagtha amach ag an scoil i dtaobh sláinteachas pearsanta agus scaradh sóisialta.
- Ba cheart eolas a bheith ag scoláirí ar a gcuid freagrachtaí nuair atá siad i mbun gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil agus í mar aidhm acu clú na scoile a chur chun cinn ó thaobh sláinteachas láimhe agus scaradh sóisialta.
- Beidh meon na scoláirí aireach i dtaobh a gcairde, a gcomh-scoláirí, a bpobal scoile, agus a dteaghlaigh. Luíonn freagracht a gcuid sláinte, sábháilteacht agus folláine leatsa freisin.

### **3. Sláinteachas Láimhe**

Ná bain le do shúile, do bheal ná do shrón.

Níor cheart duit earraí a roinnt a bhíonn le béal dhaoine eile ar nós buidéal nó cupáin.

Cuimhnigh ar cé chomh minic is a cheart sláinteachas láimhe a chleachtadh.

- Ar theacht duit go dtí an scoil agus ar fhágáil.
- Roimh ithe nó ól.
- Roimh agus tar éis bia a ullmhú.
- Tar éis an leithreas a úsáid.
- Tar éis a bheith taobh amuigh.
- Nuair atá do lámha salach ag féachaint.
- Nuair a dhéanann tú casachtach nó sraoth.
- Roimh agus tar éis a bheith ar chórais iompair poiblí.
- Roimh agus tar éis a bheith i slua (taobh istigh go mór mhór)
- Roimh dul isteach go Seomra an Bhia agus ar do shlí amach
- Má bhí teagmháil agat le duine a bhfuil fiabhras acu nó comharthaí sóirt riospráide.

### **4. Smachtbhannaí**

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm i gcomhair leis an gCód Iompair ata le fáil ar an suíomh idirlín [www.colasteide.com](http://www.colasteide.com)

**Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta Covid 19 dos na scoláirí**

**Coláiste Íde 2020**

*Deineadh an polasaí seo a phlé leis na baill seo a leanas:*

<i>Múinteoirí</i>	<i>18 Meán Fómhair 2020</i>
<i>Tuismitheoirí</i>	<i>20 Meán Fómhair 2020</i>
<i>Scoláirí</i>	<i>12 Deireadh Fómhair 2020</i>

*Deineadh an polasaí seo a dhearbhuí:*

<i>Bord Bainistíochta</i>	<i>15 Deireadh Fómhair 2020</i>
<i>Bord Stiúirthóirí</i>	